An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

An Scéim Sparánachta Tríú Leibhéal 2019

(do mhic léinn ó scoileanna DEIS)

I 2012 bunaíodh scéim sparántachtaí do mhic léinn ó scoileanna DEIS, bunaithe ar thorthaí na hArdteistiméireachta.

Bronntar na sparánachtaí seo ar na mic léinn is fearr feidhmithe, bunaithe ar Scrúdú na hÁrdteistiméireachta 2019. Bronnfar na dámhachtain ar bhonn réigiúnda; Baile Átha Cliath, an chuid eile de Laighean, Mumhan, Connacht/Ulaidh. Beidh thart ar 60 sparánacht ar fáil i 2019.

€2,000 an mac léinn méid an sparánachta in aghaidh gach bliain dá c(h)úrsa agus íocfar é mar íocaíocht singil ag tús na bliana acadúla. Beidh na mic léinn sin a mbronntar sparánacht orthu i dteideal freisin cur isteach ar dheontais do mhic léinn i leith costais chothabhála agus ranníocaíocht an mhic léinn nó táillí.

Is critéir cáilitheach don sparánacht nua ná:-

- A bheith ag freastal ar scoil DEIS
- A bhreith ag tabhairt faoin Árdteistiméireacht don chéad uair
- A bheith díolmhaithe ó tháille na hÁrdteistiméireachta a íoc de bharr cárta liachta a choimeád
- Cúrsa tríú leibhéal a mhaireann ar a laghad 2 bhliain in institiúid atá maoinithe go poiblí

Íocfar sparánachtaí go bliantúil ar feadh tréimhse cúrsa fochéime amháin agus suas go 4 bliana de staidéar iarchéime.

Ní gá iarratais a dhéanamh ar na sparánachtaí seo toisc go mbronnfar go huathoibríoch iad bunaithe ar thorthaí na hÁrdteistiméireachta.